



COMHPHÁIRTITHE AN DEISCIRT

Cumhdaíonn Beartas Comharsanachta na hEorpa (BCE) an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Libia, Maracó, an Phalaistín, an tSiria agus an Túinéis. Tá sé comhdhéanta de bheartais dhéthaobhacha idir AE agus na 10 dtír chomhpháirtíochta aonair, chomh maith le creat comhair réigiúnaigh, an tAontas don Réigiún Meánmhuirí. Thug AE tacaíocht sa bhreis ar mhaithe le hathrú daonlathais faoi BCE in 2011, mar fhreagairt ar éirí amach ina chomharsanacht sa deisceart. Rinne sé BCE a athbhreithniú tuilleadh in 2015.

AN BUNÚS DLÍ

- Airteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;
- Teideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach: ‘Gníomhaíocht sheachtrach’ AE;
- Airteagail 206-207 (trádáil) agus Airteagail 216-219 (comhaontuithe idirnáisiúnta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

IONSTRAIMÍ

Tugann na comhaontuithe comhlachais an bunús dlí i gcomhair chaidreamh déthaobhach AE leis an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, Maracó, Údarás na Palaistíne agus an Túinéis. An comhaontú comhlachais a inisíodh leis an tSiria roimh chniogbheartaíocht fhoréigineach Rialtas na Siria ar agóidí poiblí in 2011, ní dhearnadh é a shíniú riamh. Cuireadh na caibidlíochtaí maidir le creatchomhaontú AE-an Libia ar fionraí i bhFeabhra 2011 agus níor tosaíodh arís orthu go fóill.

Faoi chuimsiú Bheartas Comharsanachta na hEorpa, tá pleananna gníomhaíochta déthaobhacha, tosaíochtaí chomhpháirtíochta nó clár oibre comhlachais glactha ag AE agus ag a chomhpháirtithe sa deisceart (seachas an Libia agus an tSiria). Déanann siad sin cláir oibre a bhunú le haghaidh athchóiriú polaitiúil agus eacnamaíoch le tosaíochtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha a bhfuil téarma idir trí agus cúig bliana ag gabháil leo. Agus léiriú á thabhairt ar riachtanais, leasanna agus acmhainneachtaí AE agus gach comhpháirtí, tugann na pleananna gníomhaíochta aghaidh, go háirithe, ar shochaithe daonlathacha, atá cothrom ar bhonn sóisialta agus cuimsitheacha a fhorbairt, lánpháirtiú eacnamaíoch agus oideachas a chur chun cinn, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus talmhaíocht a fhorbairt agus gluaiseacht daoine thar theorainneacha a éascú.

Deanann an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI) agus ionstraimí téamacha eile na pleananna sin a chistiú den chuid is mó. Cuirtear tacaíocht ar fáil freisin trí



iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Tá AE ag féachaint le rochtain ar an margadh agus comhar i dtaca le himirce agus saincheisteanna soghluaisteachta a chur chun cinn lena chomhpháirtithe sa deisceart. Tá caibidlíochtaí maidir le Comhaontuithe Doimhne agus Cuimsitheacha Saorthrádála idir lámha le Maracó agus leis an Túinéis. Rinneadh comhpháirtíochtaí soghluaisteachta le Maracó, an Túinéis agus an Iordáin a thabhairt chun críche agus tá caibidlíochtaí leis an Liobáin fós ar siúl. Tá roinnt tionscadal á gcur chun feidhme faoi chuimsiú na gcreataí seo, go háirithe faoin [tSaoráid Comhpháirtíochta Soghluaisteachta](#), a seoladh in 2016. Chomh maith leis sin, tá tionscnaimh réigiúnacha agus déthaobhacha maidir le himirce agus soghluaisteacht á gcistiú faoi [Chiste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic](#) sciar na hAfraice Thuaidh, san Ailgéir, san Éigipt, i Maracó agus sa Túinéis. Déanann [Ciste Iontaobhais Réigiúnach an Aontais Eorpaigh mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria](#), ‘Ciste Madad’, tacaíocht a chur ar fáil do dhídeanaithe ón tSiria, do dhaoine easáitithe ina dtír féin (IDPanna) agus do phobail áitiúla sa Liobáin, san Iordáin agus san Éigipt.

Déanann an tAontas don Réigiún Meánmhuirí (UfM), a seoladh in 2008 chun an Chomhpháirtíocht Eora-Mheánmhara a athbheochan, creat um chomhar réigiúnach idir Ballstáit AE agus 15 thír na Meánmhara a chur ar fáil, lena n-áirítear na 10 gcomhpháirtí sa deisceart.

STÁDAS REATHA

A. An Ailgéir

Mar phríomhghníomhaí réigiúnach agus mar tháirgeoir fuinnimh tábhachtach, is comhpháirtí AE tábhachtach í an Ailgéir i gcomharsanacht an deiscirt. Tháinig comhaontú comhlachais i bhfeidhm in 2005. Ghlac AE agus an Ailgéir a [dTosaíochtaí Comhpháirtíochta](#) comhroinnte ag an gComhairle Comhlachais i mí an Mhárta 2017. Déanann na tosaíochtaí comhpháirtíochta creat athnuaite le haghaidh rannpháirtíocht pholaitiúil agus comhar feabhsaithe a bhunú, agus béim á leagan ar: (i) rialachas agus cearta bunúsacha; (ii) forbairt shocheacnamaíoch agus trádáil; (iii) fuinneamh, an comhshaol agus athrú aeráide; (iv) idirphlé straitéiseach agus idirphlé faoin tslándáil; agus (v) an ghné dhaonna, imirce agus soghluaisteacht.

B. An Éigipt

Tá an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt á rialú ag comhaontú comhlachais, atá i bhfeidhm ó 2004. I gcomhthéacs BCE athbhreithnithe, ghlac Comhairle Comhlachais AE-an Éigipt raon Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Éigipt i mí Iúil 2017. Cé go bhfuil eilimintí uile an chomhaontaithe comhlachais fós i bhfeidhm, déanann na [Tosaíochtaí Comhpháirtíochta](#) — arna sainmhíniú i gcomhpháirt ag AE agus an Éigipt — ionadú ar an bplean gníomhaíochta, agus déanfaidh siad an chomhpháirtíocht a threorú don tréimhse 2017-2020. Le linn na tréimhse sin tabharfar aghaidh ar: (i) nuachóiriú eacnamaíoch, inbhuanaitheacht fuinnimh agus an comhshaol; (ii) forbairt shóisialta agus cosaint shóisialta; agus (iii) rialachas, cobhsaíocht a fheabhsú mar aon leis an stát daonlathach nua-aoiseach.



C. Iosrael

Is forleathan é caidreamh AE-Iosrael, ina bhfuil caidreamh láidir eacnamaíoch agus trádála agus comhar teicniúil mar bhonn taca leis. Bunaithe ar chomhaontú comhlachais 2000, d'fhorbair an caidreamh go dinimiciúil sna blianta ina dhiaidh sin, le leathnú suntasach ar fud go leor earnálacha. Tá plean gníomhaíochta AE-Iosrael, a comhaontaíodh in 2005, bunaithe ar luachanna daonlathais coiteanna agus comhroinnte, urraim do chearta an duine, an smacht reachta agus saoirsí bunúsacha, agus déanann sé lánpháirtiú Iosrael i mbeartais agus i gcláir na hEorpa a chur chun cinn. In 2009, chinn AE, go gcaithfí dul chun cinn a dhéanamh i bPróiseas Síochána an Mheánoirthir (MEPP), chun go bhféadfaí an caidreamh a uasghrádú go stádas 'ard'. Leantar leis an gcomhar áfach, ar bhonn [phlean gníomhaíochta BCE 2005](#), ar cuireadh síneadh leis go dtí 2020.

D. An Iordáin

Measann AE gur gníomhaí tábhachtach í an Iordáin a bhfuil ról cobhsaíochta aici sa Mheánoirthear. Tugann comhaontú comhlachais AE-an Iordáin, atá i bhfeidhm ó mhí na Bealtaine 2002, an bunús dlí don chaidreamh déthaobhach seo. Glacadh plean gníomhaíochta BCE in 2012 agus glacadh [Tosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Iordáin](#) chomh maith le Comhshocrú i mí na Nollag 2016. Faoi BCE, is í an Iordáin an chéad tír chomhpháirtíochta i réigiún na Meánmhara a ndearna AE caibidlíochtaí teicniúla a thabhairt chun críche léi agus ar éirigh léi 'Stádas Ard' a bhaint amach. I mí Dheireadh Fómhair 2014, sheol AE agus an Iordáin Comhpháirtíocht Soghluaisteachta. Deonaíodh dhá phacáiste tacaíochta mhacra-airgeadais (MFA) ar an Iordáin (ceann in 2003 dar luach EUR 180 milliún agus ceann i mí na Nollag 2016 dar luach EUR 200 milliún). Tá os cionn 655 000 dídeanaí ón tSiria sa Iordáin agus faigheann sí maoiniú ó 'Chiste Madad', Ciste Iontaobhais Réigiúnach AE mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria. I gcomhthéacs thacaíochta AE don Iordáin i ndáil le géarchéim na ndídeanaithe ón tSiria, in 2016, rinne AE agus an Iordáin an comhaontú comhlachais a mhodhnú chun na [rialacha tionscnaimh a mhaolú](#) a bhfuil feidhm acu le honnmhaireoirí na hIordáine ina gcúrsaí trádála le AE.

E. An Liobáin

Tá an caidreamh bunaithe ar chomhaontú comhlachais AE-an Liobáin, atá i bhfeidhm ó 2006, agus ar [Thosaíochtaí Comhpháirtíochta AE-an Liobáin](#) agus Comhshocrú, a comhaontaíodh i mí na Samhna 2016. Chomhaontaigh Comhairle Comhlachais AE-an Liobáin, a tionóladh i mí Iúil 2017, leanúint den idirphlé d'fhonn Comhpháirtíocht Soghluaisteachta a shíniú. Tacaíonn AE le haontacht, cobhsaíocht, neamhspleáchas, ceannasacht agus sláine chríochach na Liobáine, go háirithe mar gheall go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas sa tSiria, tír atá ag síneadh léi. Le 4.4 milliún duine ina gcónaí sa tír, tá tuairim is 1 mhilliún dídeanaí cláraithe ón tSiria glactha isteach sa Liobáin faoi láthair. Faigheann an Liobáin cúnamh ó 'Chiste Madad'.

F. An Libia

Ó tháinig deireadh le réimeas Gaddafi, tá an Libia ag druidim i dtreo cogadh cathartha, i gcomhthéacs deighiltí casta polaitiúla, críochacha, sóisialta agus treibhe. Aithnítear an Libia freisin mar bhealach idirthurais i réigiún na Saiheile le haghaidh gáinneáil



ar dhaoine agus contrabhanna. Sa chomhthéacs sin, tá AE ag féachaint le cúnaimh a thabhairt do na Libiaigh i dtaca le stát cuimsitheach agus cobhsaí a bhunú. Tacaíonn AE le hiarrachtaí idirghabhála NA chun deireadh a chur leis an gcogaíocht, agus gníomhaíonn sé ar bhonn taidhleoireachta le geallsealbhóirí réigiúnacha agus Libiacha. Níl comhaontú comhlachais ná comhaontú conarthach eile ag an Libia le AE, ach tá an tír i dteideal cistiú faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht (ENI). Ó 2016, tá [ionann is EUR 135 mhilliún leithdháilte ag Ciste Iontaobhais Éigeandála AE don Afraic le haghaidh imircigh sa Libia a chosaint](#).

G. Maracó

Comhpháirtithe an deiscirt san áireamh, tá an caidreamh atá ag Maracó le AE ar cheann de na caidrimh is forbartha. Tá comhaontú comhlachais i bhfeidhm ó 2000 agus glacadh plean gníomhaíochta nua BCE in 2013. Bronnadh ‘stádas ard’ BCE ar an tír in 2008, lena léirítear an uaimhian chun comhar AE-Maracó a neartú agus chun tacú tuilleadh le hathchóirithe eacnamaíocha agus polaitiúla. Seoladh chomhpháirtíocht soghluaisteachta AE-Maracó i mí an Mheithimh 2013. Tá caibidlíochtaí maidir le comhaontuithe [um eisiúint víosaí agus um athlígian isteach](#) agus Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (DCFTA) ar siúl faoi láthair. Chomh maith leis sin, tháinig comhaontú iascaigh athnuaite i bhfeidhm in 2014. Dé réir dhá rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le gairid, d’fhéadfadh AE a chomhaontuithe le Maracó a chur chun feidhme, ach níl feidhm ag na comhaontuithe sin leis an Sahára Thiar.

H. An Phalaistín

Príomhthacadóir airgeadais is ea AE d’Údarás na Palaistíne (PA), le leithdháileadh déthaobhach bliantúil tascach de thuarim is EUR 300 milliún. Cúnaimh chun cur le hacmhainneachtaí i stát inmharthana, neamhspleách agus daonlathach na Palaistíne, a bheidh ann amach anseo, agus maireachtáil go slán agus faoi shíocháin le hIosrael agus le comharsana eile, sin é cuspóir foriomlán thacaíocht AE. Is é an [Comhaontú Comhlachais Eatramhach ar Thrádáil agus Comhar](#) a tugadh chun críche in 1997 an bunús dlí i gcomhair chaidreamh AE le PA. Tá plean gníomhaíochta BCE sínithe ag AE le PA, a tháinig i bhfeidhm in 2013. An bhliain chéanna, thairg AE ‘Comhpháirtíochtaí Pribhléideacha Speisialta’ d’Iosrael agus don Phalaistín, a bheidh ina stát amach anseo, ina ndearnadh pacáiste gan choinne de thacaíocht pholaitiúil, eacnamaíoch agus slándála a chur ar fáil don dá pháirtí i gcomhthéacs comhaontaithe a dhéanfar amach anseo i ndáil leis an stádas deiridh.

I. An tSiria

Tar éis do Rialtas na Siria agóidí frith-rialtais a chur faoi chois go foréigneach i mí an Mhárta 2011, ghlac AE méid áirithe de bhearta níos sriantaí i gcoinne réimeas na Siria. Rinneadh na cláir comhair déthaobhacha uile idir AE agus Rialtas na Siria a chur ar fionraí. Tacaíonn AE le cainteanna síochána cuimsitheacha ionsar aistriú polaitiúil faoi stiúir na Siria. Is é AE an príomhdheontóir sa fhreagairt do ghéarchéim na Siria, agus rinne AE agus a Bhallstáit níos mó ná EUR 16.9 billiún [a chur ar fáil eatarthu](#) le haghaidh cabhair dhaonnúil, forbartha, eacnamaíche agus cobhsaithe. Déanann an [Ciste Iontaobhais Réigiúnach mar Fhreagairt ar Ghéarchéim na Siria](#) formhór na cabhrach neamhdaonnúla a thugtar do thíortha comharsanacha a ghlacann



le dídeanaithe ón tSiria a bhainistiú. Go dtí seo, tá méid iomlán dar luach EUR 1.7 billiún ag an gciste. Ghlac an Chomhairle [Straitéis AE don tSiria](#) an 3 Aibreán 2017. I gcomhréir leis an straitéis sin, d'óstáil AE trí chomhdháil chun tacú le todhchaí na Siria agus an réigiúin: an chéad cheann i mí Aibreán 2017, ag a ndearna an pobal idirnáisiúnta EUR 5.6 billiún [a ghealladh](#) 'i gcistiú chun tacú le gníomhaíochtaí daonnúla, athléimneachta agus forbartha in 2017 don fhreagairt ar ghéarchéim na Siria'; an dara ceann i mí Aibreán 2018, ag a ndearna rannpháirtithe EUR 3.5 billiún [a ghealladh](#) do 2018, agus EUR 2.7 billiún breise do 2019-2020. agus an tríú ceann an 12-14 Márta 2019, ag a ndearnadh [gealltanais](#) dar luach EUR 6.2 billiún do 2019, agus gealltanais ilbhliantúla geall le EUR 2.1 billiún do 2020 agus ina dhiaidh sin. Tá na riachtanais dhaonnúla an-tromchúiseach i gcónaí. Tá cabhair dhaonnúil de dhíth ar os cionn 11 mhilliún Siriach agus tá níos mó ná 5.6 milliún dídeanaí ón tSiria taobh amuigh den tír.

J. An Túinéis

Ó réabhlóid na Túinése in 2011, tá tacaíocht pholaitiúil, airgeadais agus theicniúil tugtha ag AE le haghaidh aistriú daonlathach na tíre. Is é an comhaontú comhlachais fós bunús dlí an chaidrimh dhéthaobhaigh, atá i bhfeidhm ó 1998. In 2012, agus an dul chun cinn a rinneadh á chur san áireamh, chomhaontaigh AE agus an Túinéis 'comhpháirtíocht phribhléideach' le [plean gníomhaíochta](#) sonrach a bunú do 2013-2017. I mí Iúil 2018, ghlac Comhairle Comhlachais AE-an Túinéis na príomhthreoirínte i gcomhair [Chomhpháirtíocht Phribhléideach AE-an Túinéis don tréimhse 2018-2020](#). I mí an Mhárta 2014, sheol an Túinéis agus AE comhpháirtíocht soghluaisteachta as ar lean tús na gcaibidlíochtaí ar [chomhaontuithe um eisiúint víosaí a éascú agus um athligean isteach](#). Formheasadh na [Caibidlíochtaí maidir le DCFTA](#) i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus tá siad sin fós ar bun. Idir 2011 agus 2016, b'ionann cúnaimh AE don Túinéis agus EUR 2 bhilliún (EUR 1.2 billiún i ndeontais agus EUR 800 milliún i gcúnaimh macra-airgeadais). Tá gealltanais tugtha ag AE a chúnaimh airgeadais bliantúil a ardú go EUR 300 milliún in 2017 i bhfoirm deontas agus leibhéal marthanach maoinithe a choimeád don tréimhse go dtí 2020. Céim mhór chun cinn in aistriú daonlathach na tíre ba ea glacadh comhthoiliúil bhunreacht nua na Túinése i mí Eanáir 2014 agus eagrú rathúil na dtoghchán parlaiminteach agus uachtaránachta i míonna Dheireadh Fómhair-na Nollag 2014, agus na toghcháin rialtais áitiúil, a rabhthas ag súil leo le fada, a tháinig ina ndiaidh i mí na Bealtaine 2018.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an Pharlaimint go hiomlán rannpháirteach i mBeartas Comharsanachta na hEorpa. Trína Coiste um Ghnóthaí Eachtracha, déanann sí faireachán ar chur chun feidhme BCE, go háirithe maidir le tuarascálacha bliantúla BCE ar dhul chun cinn agus athbhreithnithe BCE. Coimeádann an Coiste súil ar an staid pholaitiúil i dtíortha comhpháirtíochta trí mhalartú tuairimí le hoifigigh rialtais ardleibhéil, le saineolaithe agus le geallsealbhóirí na sochaí sibhialta ar bhonn rialta. Trí chumhachtaí buiséadacha bíonn tionchar díreach ag an bParlaimint ar na méideanna a leithdháiltear ar an Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht. Bhí gá le toiliú na Parlaiminte chun na comhaontuithe comhlachais uile le comhpháirtithe BCE an deiscirt a thabhairt chun



críche. Ní mór don Pharlaimint toiliú a thabhairt i leith aon chomhaontú trádála nua, lean n-áirítear DCFTAnna a dhéanfar le Maracó agus leis an Túineis amach anseo.

Déantar caidrimh dhéthaobhacha rialta le parlaimintí thíortha comhpháirtíochta an deiscirt a choimeád trí [bhuantoscaireachtaí](#). Rinneadh an caidreamh le Parlaimint Mharacó a uasghrádú dá bhrí sin le bunú comhchoiste parlaimintigh (JPC) in 2010. Bunaíodh JPCanna ina dhiaidh sin leis an Túineis in 2016 agus leis an Ailgír in 2018. Cuireadh na caidrimh parlaiminteacha leis an tSiria ar fionraí de bharr cogadh cathartha, agus tá an comhthéacs reatha i Libia ag cur cosc ar chaidreamh idirpharlaiminteach chomh maith. Ag leibhéal réigiúnach, bíonn Parlaimint na hEorpa rannpháirteach i dTionól Parlaiminteach UfM, a thionóllann seisiún iomlánach amháin agus roinnt cruinnithe coiste in aghaidh na bliana. Tionóladh an cruinniú iomlánach is déanaí in [Strasbourg an 13 agus an 14 Feabhra 2019](#), inar thug an Parlaimint an uachtaránacht ar láimh do Mhórthionól Náisiúnta na Tuirce. Bhí an Parlaimint rannpháirteach i roinnt Misean Breathnóireachta AE um Thoghcháin i dtíortha comhpháirtíochta an deiscirt, sa Liobáin (olltoghcháin) agus sa Túineis (toghcháin rialtais áitiúil) is déanaí. Tugann an Pharlaimint cúnamh do Mharacó agus don Túineis chomh maith, ar dhá thír thosaíochta iad atá faoina clár tacaíochta daonlathais.

María Álvarez López
04/2019

